# Scannánaíocht - Réamhobair bunaithe ar Theideal an Scannáin

**Billeog Oibre**

Roimh fhéachaint duit ar an scannán, léigh na ráitis thíos agus cuir tic sa bhosca cuí.

Bunaithe ar **Theideal an Scannáin**, cén ceann de na ráitis seo thíos atá fíor?

| Aontaím | Ní Aontaím | Nílim Cinnte | Ráiteas | Aontaím | Ní Aontaím | Nílim Cinnte |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Seo scannán faoi fhear a bhí ag obair i monarcha i bPáras. Gach lá, d'ith sé a lón sa bhialann chéanna. Bhí bean álainn ag obair ann. Chaith sí a cuid ama ag cur reoán seacláide ar na cácaí ar an gcúntar. Bhí an fear faoi gheasa bholadh na seacláide...agus faoi gheasa na mná | | | |
| | | | Seo scannán faoi bhuachaill óg. Is báicéir í a mháthair agus éiríonn sí go han luath gach maidin. Ní bhíonn bricfeasta ag an gclann le chéile ach ar mhaidin Domhnaigh mar gheall go bhfuil siopa an bhaicéara dúnta ar an lá sin. Tá uaigneas ar an mbuachaill óg agus cé go bhfuil a dheartháireacha, a dheirfiúracha agus a athair sa bhaile i gcónaí, braitheann sé a mháthair uaidh. | | | |
| | | | Seo scannán faoi chailín cúthalach atá beagnach ocht mbliana déag d'aois. Tá an breithlá mór ag druidim léi agus mothaíonn sí brú óna cairde dul amach ag ól leo chun an ócáid mhór a cheiliúradh. B'fhearr léi a bheith sa bhaile lena clann. Gach bliain ullmhaíonn a hathair cáca breithla di agus bíonn dinnéar speisialta ag an gclann uilig. Caithfidh sí cinne a dhéanamh. Níl sí ag iarraidh go mbeadh aon duine míshásta léi. | | | |
| | | | Seo scannán faoi fear meánaosta ar a bhealach síos faoin tír. Buaileann sé le bean ar an traein agus tosaíonn sé ag caint léi. Mothaíonn an fear an-chompordach le bheith ag caint le strainséirí. Níl an bhean sásta leis an bhfear agus beartaíonn sí é a mharú. | | | |

**Scannánaíocht - Réamhobair** bunaithe ar **Shonraí an Scéil**.

**Billeog Oibre**

Roimh fhéachaint duit ar an scannán, léigh na ráitis thíos agus cuir tic sa bhosca cuí.

| Roimh fhéachaint duit ar an scannán | | | | Tar éis duit féachaint ar an scannán | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Aontaím | Ní Aontaím | Nílim Cinnte | Ráiteas | Aontaím | Ní Aontaím | Nílim Cinnte |
| | | | Caitheann Catherine go deas lena máthair. | | | |
| | | | Is peileadóir é Paul. | | | |
| | | | Feiceann Paul muileann adhmaid | | | |
| | | | Tá an tsláinte go maith ag Paul. | | | |
| | | | Is duine nimhneach í Catherine. | | | |
| | | | Cabhraíonn Catherine le Paul. | | | |
| | | | Tá an scéal seo suite ar thraein. | | | |
| | | | Beidh Paul ag filleadh abhaile amárach. | | | |
| | | | Tá seacláid sa cháca. | | | |
| | | | Buaileann Catherine lena deirfiúr ag an stáisiún traenach. | | | |